

# Gaelscoileanna



Urraithe ag  
Foras na Gaeilge

## San Eagrán Seo:

|                                            |        |
|--------------------------------------------|--------|
| Nuacht na hEarnála 1 & 6                   |        |
| Scéalta na mBunscoileanna                  | 2      |
| Scéalta na nIar-bhunscoileanna & na nAonad | 3 & 18 |
| Nuacht na hEagraíochta                     | 4      |
| Scoileanna Nua                             | 6      |
| Nuacht an Tuaiscirt                        | 7      |
| Gailearaí                                  | 8 & 9  |
| Imeachtaí Idir scoile                      | 10     |
| Acmhainní                                  | 11     |
| Forbairt Ghairmiúil Scoileanna             | 14     |
| Líonra Réigiúnda                           | 15     |
| Nuacht Ghinearálta                         | 17     |

## Dátaí don Dialann

Comhdháil Bhliantúil

GAELSCOILEANNA TEO.

25 & 26 Samhain 2011

An Tulach Mhór

## Nuachtlitir an tSamhraidh

*"....chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal ar fud fad na hÉireann."*

## Nuacht na hEarnála



### Éiginnteacht maidir le Painéil na Múinteoirí

Leis na ciorraithe go léir atá á chur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i mbliana, tá líon na múinteoirí atá le dul ar na painéil múinteoireachta níos airde ná riamh. De bharr seo, tá gach seans ann go líonfar na poist múinteoireachta go léir ag an mbunleibhéal tríd na painéil. Tá an Roinn ag plé le huasmhéid múinteoirí don chóras agus níl cead acu an t-uasmhéid sin a shárú de réir rialacha an IMF.

Tá GAELSCOILEANNA TEO., mar aon leis na páirtnéirí oideachais ag an mbunleibhéal, ag plé leis an an Roinn maidir le glanadh na bpainéal ar bhonn leanúnach. Is aimsiú múinteoirí atá in ann agus atá toilteanach múineadh trí mheán na Gaeilge an dúshlán is mó atá roimh na scoileanna lán-Ghaeilge. Nuair a ardaíodh an cheist seo sa Roinn,

dúradh leis an eagraíocht go raibh gach múinteoir bunscoile cáilithe le múineadh trí mheán na Gaeilge cé go léiríonn tuairisc John Harris don Roinn céanna i 2006 go bhfuil 25% de dhaltaí rang 6 sna scoileanna Béarla á múineadh ag múinteoir a deir go bhfuil a c(h)uid Gaeilge lag. Is léir gur dócha go mbeadh deacracht ag na múinteoirí seo leis an nGaeilge a mhúineadh mar ábhar gan trácht í a úsáid mar mheán múinteoireachta.

Tá súil ag an Roinn eolas a bheith acu maidir leis na poist bhuana go léir sa chóras faoi lár Mhí an Mheithimh agus déanfaid siad iarracht na poist seo (mar aon leis na poist shealadacha) a líonadh ó na painéil éagsúla. Is léir go mbeidh dúshlán roimh an gcóras oideachais seo go léir a chur i gcrích faoi Mheán Fómhair 2011.

**An Ghaeilge san Ardteist - alt ar lch 6.**

# Scéalta na mBunscoileanna

## Gnóthach i nGaelscoil Chluainín



Bhí múinteoirí agus páistí Ghaelscoil Chluainín, Co. Liatroma an-ghnóthach le tamall anuas. I measc na n-imeachtaí leathan a bhí ar bun, bhí: gairdín úr-nua na scoile a chruthú, páirt a ghlacadh ag páistí i bhfeiseanna, i gCoirm Gael Linn, cumann na mbunscoileanna, blitz peile, glanadh an Earraigh, mar aon le Lá Oscailte a reáchtáil agus MSU na Roinne Oideachas agus Eolaíochta - **uilig taobh istigh de chúpla mí!**

D'éirigh thar cionn leis na páistí sa Rannóg Gaeilge in san dá Fheis i Sligeach ag aimsir na

Cásca; bronnadh ceithre chorn ar pháistí na scoile le haghaidh comhrá agus aithriseoireachta, bhain ranganna a haon agus a dó an chéad áit amach sa chóir aithris agus an chéad áit sa chomórtas drámaíochta faoi bhun 10 mbliana d'aois. Ghlac na páistí uilig ó ranganna 1-5 páirt i gCoirm Gael Linn agus bronnadh dhá ghradam orthu.

Bhí gach uile páiste gafa le déanaí ag cur síolta, ag tabhairt aire do na bleibíní agus bláthanna agus ag coinneáil smachta ar ghairdín na gaelscoile.

Baineadh an-sult as an Lá Oscailte ar an 16ú Aibreán. Bhí spórt, spraoi agus craic ag gach éinne - na páistí, ach go háirithe. Ar an lá, tugadh seans do gach duine triail a bhaint as na gníomhaíochtaí seo a leanas: preabchaisleán, péinteáil aghaidhe, eolaíocht "funky", ealaín, tóraíocht uibhe Cásca, seisiúin cheoil agus amhránaíochta srl. Bhí gach baill d'fhoireann na scoile i láthair chun eolas faoin ngaelscolaíochta a chur ar fáil dóibh siúd a bhí á chuardach.

## Brat Glas eile agus breithlá mór ag Gaelscoil Ó Doghair

Is ábhar lúcháire agus ábhar mórtais dúinn go bhfuil breithlá cúig bliana is fiche á cheiliúradh ag Gaelscoil Ó Doghair i 2011. D'eagraíomar ceolchoirm speisialta leis an ócáid seo a mharcáil roimh laethanta saoire na Cásca. Bhí an-oíche ag na daltaí ó Rang a trí-Rang a sé agus bhain gach duine taitneamh is tairbhe as.

Is í Caitlín Móinbhiól príomhoide na scoile ó 2009. Tá 14 múinteoirí ag obair sa scoil agus tá 234 daltaí ag freastal uirthi.

Creid é nó ná creid, ach tá an cheathrú brat glas bainte amach againn don scoil. Bhí an obair ar siúl ar an gcoiste glas agus ag Múinteoir Alice a bhí i bhfeighil air. Bhí tionscnamh mór ar siúl sa scoil dar teideal "Ag Taisteal go glas". Bhí cúpla lá speisialta de thaisteal glas againn, agus rinne an coiste an-iarraicht a chinntiú go rachadh gach dalta agus múinteoir ar scoil ar bhealach glas. Reáchtálfar

searmanas bronnta an Bhrait Ghlais i gCathair Luimnigh go luath.

Beidh ár mbreithlá speisialta á cheiliúradh againn arís sa tseachtain i ndiaidh ár gCéad Chomaoineach. Cuirfear roinnt mhaith rudaí speisialta ar siúl do na daltaí, na tuistí agus dár ndóigh na hlar-scoláirí. Fógraítear na himeachtaí ar ár suíomh nua [www.gaelscoil.com](http://www.gaelscoil.com).



# Scéalta na nIar-bhunscoileanna & na nAonad

## An Chéad Idirbhliain i nGaelcholáiste na Mara

Tá an chéad Idirbhliain i nGaelcholáiste na Mara faoi lán-seoil agus tá na daltaí angnóthach le ranganna, cúrsaí, imeachtaí agus turais. Ina measc, bhí turas go dtí an Ionad Oideachais faoin aer i mBealach Conglais, Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mBaile Átha Í, Comórtas *Eolaí Óg* san RDS, glantachán an trá áitiúil, cuairt ar mhonarchan eitleáin Lufthansa i mBaile Dhónaill agus ar an "Guinness Storehouse".



Ba é buaicphointe na bliana ná turas scoile go dtí an Fhrainc. Seans iontach ab ea é chun cultúr na Fraince a bhlaiseadh agus teanga na tíre sin a chleachtadh agus a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, ghlac na scoláirí páirt i gceardlanna ar ábhair éagsúla cosúil le ceol gaspal, an timpeallacht, ceannaireacht, dornálaíocht, drámaíocht, obair an DJ agus ceardlann faoi "Public Access to Law" a reáchtálfar go luath.

Le linn na bliana, cuireadh béim ar chúrsaí fostaíochta agus oibre, le dhá thréimhse de thaithí oibre ar bun ag na daltaí i réimse leathan poist: chabhraigh siad le tréidlia, le leictreoir, le dlíodóir, in oifigí, i scoileanna, i siopaí agus fiú in RTÉ! Reáchtálfar trial-

agallaimh agus lá eolais ar shlite beatha dóibh níos déanaí sa téarma.

Cuireadh béim chomh maith ar fhreagrachtaí nua agus ar scileanna eagrúcháin: d'eagraigh cinnirí Gaeilge imeachtaí *Seachtain na nGaeilge* le labhairt na Gaeilge a spreagadh sa scoil. D'eagraigh an rang Bricfeasta *Cheerios* ar son *Childline* agus Lá Bán-dearg ar son *Wicklow Hospice Foundation*.

## Eolaí Óg na bliana



Ghlac beirt ó Choláiste Íde, An Daingean, páirt i gcomórtas Eolaí Óg na bliana; sin iad Eimear Nic Eoin ó Bhaile na nGall & Hannah Ní Choileáin ó Chill Airne. Seo é an chéad uair ar ghlac an scoil páirt sa chomórtas.


Rinne siad taighde ar na féidearthachtaí leasacháin a bhaineann le cnámha agus sliogáin éisc fágtha sa tionscal próiseála éisc. Fuair siad amach gur féidir na hiarsmaí seo a mhuirniú isteach chun leasa talún orgánach atá saibhir i mianraí nádúrtha cosúil le cailciam agus fosfar.

Fuairadar an-mholadh as an idé seo agus aithníodh an tábhacht a bhaineann lena leithéid de thionscnamh ina gceantar áitiúil.



# Nuacht na hEagraíochta

## Athbhreithniú á dhéanamh ar *Ár bPolasaí Gaeilge*



Tá athbhreithniú á dhéanamh ag GAELSCOILEANNA TEO. ar an gcáipéis *Ár bPolasaí Gaeilge* faoi láthair agus tá bhur gcabhair á lorg againn! Tá cúinsí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge athraithe go suntasach ón am a foilsíodh an chéad leagan den pholasaí

cur leis an bpolasaí agus aon nuashonrú atá le déanamh ar an gcéad leagan clóite. Bheimis an-bhuíoch dá bhféadfadh sibh tacú linn agus bhur dtuairimí a chur chugainn le cabhrú linn an polasaí a fheabhsú ar son na scoileanna.

Is féidir teacht ar chóipeanna leictreonacha den pholasaí ar shuíomh na heagraíochta (faoi gnaipe 'acmhainní' ar an gcéad leathanach) nó tá fáilte roimh scoileanna teagmháil a dhéanamh linn le cóipeanna crua a lorg chomh maith. Má tá tuairimí ar bith agat maidir leis na hathruithe atá le déanamh ar an bpolasaí seo, tá fáilte romhat iad a sheoladh chuig [nora@gaelSCOILEANNA.IE](mailto:nora@gaelSCOILEANNA.IE).

agus táimid ag iarraidh seo a thógáil san áireamh sa pholasaí athbhreithnithe.

Seolfar nóta amach chuig na bunscoileanna go luath ag lorg tuairimí i leith na nithe a ba chóir

## Maoiniú na hEagraíochta

Tá samhail nua maoinithe á fhorbairt ag Foras na Gaeilge d'earnáil na Gaeilge. Tugann an Foras maoiniú d'eagraíochtaí Gaeilge (GAELSCOILEANNA TEO. ina measc) ach tá siad ag féachaint ar mhaoiniú a thabhairt ar bhonn a dtosaíochtaí straitéiseacha as seo amach agus ar chomórtais ina mbronnfaí maoiniú ar iarratais seachas ar eagraíochtaí. Is iad na réimsí atá luaite ag an bhForas le haghaidh iarratas ná:

- Abhcóideacht agus taighde (lena n-áirítear ionadaíocht, scaipeadh eolais, soláthar acmhainní & tacaíochta don earnáil ina hiomláine).
- Na healaíona.
- Raidió Pobail.
- Oideachas.
- Cumasú pobail.
- Tacaíocht do theaghligh.
- An ógra.

Tá an Foras ag forbairt na samhla seo faoi láthair agus tá sé i gceist acu í a chur i bhfeidhm i 2012. Tá **comhairliúchán poiblí** ar siúl acu faoi láthair agus iarann muid ar scoileanna am a ghlacadh le bheith páirteach sa chomhairliúchán seo le go gcloisfí guth na scoileanna lán-Ghaeilge.

Tá eolas ina leith ar fáil ag [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie). Má théitear go bun an liosta faoi 'Foras na Gaeilge' ar thaobh na láimhe deise ar an bpríomh-leathanach, pioc 'Samhail nua maoinithe' agus ansin oscail an doiciméad dar teideal 'Comhairliúcháin Poiblí Márta 2011'. Tá eolas sa doiciméad faoin treo atá molta ag Foras na Gaeilge don todhchaí agus ó leathanaigh 9 go 14 den doiciméad, faightear múnla d'fhoirm chomhairliúcháin atá inúsáidte ag an bpobal. Is é an **14 Meitheamh** an spriocdháta don chomhairliúchán seo.

Cláraigh le seirbhís nuachta na  
heagraíochta ar  
[www.gaelSCOILEANNA.IE](http://www.gaelSCOILEANNA.IE)



## Forbairt Naíonraí Teoranta

Is cuideachta dheonach uile-Éireann í **Forbairt Naíonraí Teoranta**, a thacaíonn le seirbhísí, cúram is oideachas trí Ghaeilge a chur chun cinn do pháistí ó aois an chliabháin ar aghaidh. Cuireann Forbairt Naíonraí Teoranta tacaíocht ar fáil chun na seirbhísí trí Ghaeilge seo thíos a bhunú, a bhuanú agus a riaradh: naíolanna, naíonraí, seirbhísí aois scoile, campaí samhraidh, agus grúpaí tuismitheoirí/caomhnóirí agus leanaí.

**DLúthdhioscaí, póstaer, leabhair...**  
Cuireann FNT mórán áiseanna spraiúla agus spreagúla d'úsáid na Gaeilge sa seomra ranga nó sa bhaile ar fáil chomh maith.

Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin FNT leis na háiseanna go léir a fheiceáil

[www.naionrai.ie](http://www.naionrai.ie)



Teil.: (01) 853 5101  
R-phost: [eolas@naionrai.ie](mailto:eolas@naionrai.ie)



Maoinithe ag:



# Scoileanna Nua

## Gaelscoil nua amháin sna 26 contae i 2011 & ceann eile geallta do 2012



Tá aitheantas faighte ag gaelscoil nua ilchreidmheach i gCill Dhéagláin, Co. na Mí do Mheán Fómhair 2011. Gaelscoil na Mí is ainm don scoil, agus tá Gaelscoil Ráth Tó (a d'oscail gan aitheantas i 2010) le comhnascadh leis an

scoil nua seo, a bheas faoi phátrúnacht an Fhorais Pátrúnachta. Beidh Gaelscoil na Mí lonnaithe go sealadach ar thalamh an chlub CLG i gCill Dhéagláin go dtí go mbeidh suíomh buan aimsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna di. Tá Gaelscoil na Mí ag glacadh le foirmeacha clárúcháin anois do Mheán Fómhair 2011. Is féidir an fhoirm a íoslódáil ó [www.foras.ie](http://www.foras.ie).

Tá aitheantas faighte ag coiste bunaithe Ghaelscoil an Chuilinn do ghaelscoil ilchreidmheach nua i Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15 i 2012. Cosúil le Gaelscoil na Mí, beidh sí faoi phátrúnacht an Fhorais Pátrúnachta. Tá an coiste bunaithe ag obair ar

an bhfeachtas ó 2008 leis an scoil a bhunú, agus tá díomá ar bhaill an choiste agus ar thuismitheoirí an cheantair a bhí ag súil leis an scoil a oscailt i mbliana agus nach bhfuil áiteanna gaelscoile ar fáil dá bpáistí atá réidh le dul ar scoil i Meán Fómhair 2011. Tá GAELSCOILEANNA TEO. agus pátrún na scoile ag plé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar a son maidir leis an gcinneadh gan aitheantas a thabhairt dóibh i mbliana, le soiléireacht a lorg dóibh ar na critéir ar a bunaíodh an cinneadh.

Cé go bhfuil an-dóchas ann don earnáil, le gaelscoil amháin á oscailt i mbliana agus ceann eile geallta do 2012, tá díomá ar GAELSCOILEANNA TEO. nach bhfuil aird á thabhairt ag an Roinn ar na ceantair eile timpeall na tíre ina bhfuil coistí bunaithe i mbun dian-fheachtais le gaelscolaíocht a chinntiú dá bpáistí.

Osclófar trí bhunscoil lán-Ghaeilge nua agus sruth amháin i mbliana sna 6 contae. Tá scéal maidir le Náiscoil nua a d'oscail ó Thuaidh le déanaí le léamh ar leathanach 7.

## Nuacht na hEarnála

### Gaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta

Thacaigh GAELSCOILEANNA TEO. leis an ngluaiseacht láidir i saol na Gaeilge a ghníomhaigh leis an nGaeilge a choimeád mar chroí-ábhar san Ardteist le linn an fheachtais Oll-toghchánaíochta i mbliana. De réir Chláir an Rialtais, díreofar ar chaighdeán agus ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge ag an dara leibhéal agus ansin déanfar an cheist a chioradh an ceart go mbeadh sí mar ábhar roghnach don Ardteist. Is léir go mbeidh orainn súil a choimeád ar seo!

Idir an dá linn, ar iarratas ón Aire Oideachais agus Scileanna, tá an CNCM ag déanamh athbhreithnithe ar shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta i bhfianaise na n-athruithe a tháinig ar an gclár le déanaí nuair a

ardaíodh na marcanna atá ag dul don bhéal-triail. Feicfear cén toradh a bheidh ar an athbhreithniú seo, go háirithe agus Clár an Rialtais ag moladh go n-ardófaí na marcanna don bhéal-triail ó 40 go 50%! Má tá seo le cur i gcomparáid leis an Teastas Eorpach do Theangacha (teastas teanga atá aitheanta trasna na hEorpa agus ar féidir a dhéanamh in aon teanga san Aontas Eorpach) sin dhá oiread de na marcanna ag dul don bhéal-triail i gcomparáid le réimsí eile teanga (léamh-thuiscint, cluas-thuiscint agus scríobh, gan trácht ar litríocht). Tá GAELSCOILEANNA TEO. an-bhuartha go spreagfaidh seo an-laghdú ar chaighdeán na Gaeilge ag leibhéal na hArdteiste, rud a bheadh tubaisteach do thodhchaí na teanga.

# Nuacht an Tuaiscirt

## Oscailt Oifigiúil ag Naíscoil Chill Locha i gCo. An Dúin

Bhí an t-Iar Aire Oideachais, Cairtróna Ruane (tionól 2008-2011), i gCill Locha le deanai chun naíscoil úr lán-Gaeilge an bhaile, Naíscoil Chill Locha, a oscailt go hoifigiúil.

Agus í ag labhairt ag an ócáid, dúirt an tAire: “Is léiriú eile é seo ar bheocht earnáil na gaeilscoilaíochta agus na Gaeilge araon. Tugann an scoil nua seo deis do dhaoine óga an Ghaeilge agus an cultúr a bhaineann léi a chaomhnú agus a chur chun cinn don am i láthair agus do na glúnta amach romhainn.”

“Is buntáiste mór ag dalta é tosú amach ar theanga a fhoghlaim go luath ina shaol agus féadann sé cur lena suim agus lena rath san oideachas i gcoitinne. Féadann sé, chomh maith, a muinín, a bhféinmheas agus an fonn foghlama aige a chothú. Siúlann fíorbhuntaíste le páistí dátheangacha ar feadh a saoil.”

Rinne an tAire comhghairdeas le coiste na naíscoile a bhfuil an-obair déanta acu le cúpla

blain anuas chun an ghaelscolaíocht a chur ar an fhód i gceantar Chill Locha.

Chuir Martin Rice, cathaoirleach an choiste, in iúl go raibh an-suim á léiriú sa Ghaeilge sa cheantar agus mhol sé tiomantas agus daingne intinne an choiste agus na dtuismitheoirí a bhfuil páistí ar an naíscoil acu araon. “Bheadh muid ag iarraidh,” arsa An tUasal Rice, “ar gach duine a bhfuil spéis aige nó aici sa Ghaeilge, sa chultúr Ghaelach, sa tumoideachas agus san éagsúlacht a bheith linn sa tionscadal seo.”

“Is teist é bunú Naíscoil Chill Locha,” arsa Conor Stiobhard, Oifigeach Forbartha de chuid Chomhairle na Gaelscolaíochta atá ag obair i gceantar Chill Locha, “ar obair chrua an phobail áitiúla chun an ghaelscolaíocht a chur ar fáil mar rogha ag tuismitheoirí agus páistí i gceantar Chill Locha”.





## Gailearaí Scléip 2011



Buaiteoir Grand Prix Scléip Killian Ó Flanagáin ó Cheoltóirí Reachrann, Gaelcholáiste Reachrann le láithreoirí, moltóirí agus foireann GAELSCOILEANNA TEO.



Buaiteoir sa Rannóg  
Ilchineálach, Gearóid Ó  
Gealbháin, Gaelcholáiste  
Chiarraí



‘Ceathrar Leids’ ó Scoil Chairtróna.



Gaelcholáiste Reachrann le  
‘Mairtíreacht Naomh Bríde’



# Gailearaí Imeachtaí Idirskoile



Gaelscoil Adhamhnáin & Bunscoil Cholmcille



Gaelscoil Bhun Cranncha, Gaelscoil  
Chois Feabhail & Gaelscoil na Daróige



Gaelscoil Thaobh na Coille, Scoil Lorcáin & Gaelscoil Phádraig



Gaelscoil Adhamhnáin & Bunscoil Cholmcille

# Imeachtaí Idirscoile



trasna na habhann mé?” agus cluichí tóraíochta agus rásaíochta. (Griangraif thíos)

Spreag na páistí ón ghaelscoil an Ghaeilge i measc na bpáistí eile. Ag an am céanna, rinne an grúpa eile “Blitz Peile” leis an gcóitseálaí ón chlub. Arís, chuir muid, agus eisean, an bhéim ar an Ghaeilge. Bhí na foirne uilig measctha idir na scoileanna. Théis lón, athraíodh na grúpaí.

Ba bhreá linn rud mar seo a dhéanamh arís do Sheachtain na Gaeilge an bhliain seo chugainn, ach ar feadh lae iomlán le ceardlann ealaíne mar chuid de na himeachtaí!

## Tráth na gCeist

D'fhreastail daltaí rang a cúig agus a sé ó **Ghaelscoil Thaobh na Coille, An Chéim, Scoil Lorcáin, Baile na Manach agus Gaelscoil Phádraig, Baile Breac** ar thráth na gceist i halla Ghaelscoil Thaobh na Coille mar chuid d'imeachtaí 'Seachtain na Gaeilge'. 210 dalta ar fad a d'fhreastail ar an imeacht seo agus foirne measctha idirscoile a bhí i gceist. (grianghraf thuas)

Idir gach babhta, chuir daltaí ó na scoileanna agus na ranganna éagsúla mír bheag ar an ardán. Léiríodh an-mheascán tallainne sna míreanna seo, idir amhránaíocht ranga agus aonair, taispeántas gleacaíochta, ceol uirlise agus eile. Bronnadh spotduaiseanna freisin ar dhaltai a bhailigh eolas faoi na daltaí eile a bhí ar an bhfoireann leo nó a bhí in ann ceisteanna faoi na scoileanna rannpháirteacha a fhreagairt. Bronnadh na spot-dhuaiseanna deireanacha ar an gcéad fhoireann a mhalartaigh a gcuid geansaithe scoile! Bhí an-lá go deo ag na daltaí agus na múinteoirí araon.

## Lá Spraoi

Tháinig naíonáin mhóra agus rang a haon ó **Rush National School** ar chuairt go **Gaelscoil Ros Eo** le haghaidh lá spóirt agus spraoi. D'imir grúpa amháin cluichí clóis leis na múinteoirí ón ghaelscoil. Chuireamar an bhéim ar an teanga a mhúineadh go neamhfhoirmiúil trí chluichí agus eile. D'imir na páistí cluichí ar nós “Cén t-am é a mhic tíre?”, Seachain an Liathróid, “An ligfidh tú

## Cuairt Scoile

I mí Feabhra, tháinig rang a cúig agus Múinteoir Majella as **Bhunscoil Cholmcille, Co. Dhoire** ar cuairt go rang a trí agus Múinteoir Pól i n**Gaelscoil Adhamhnáin, Leitir Ceanainn**. Bhí lá gnóthach ann ó thús an lae go deiridh, lán d'imeachtaí, craic, cluichí agus comhráití trí mheán na Gaeilge.

Chuir na daltaí ón dá scoil aithne ar a chéile fríd chluichí boird a imirt, páirt a ghlacadh i dtráth na gceist sa halla, cluichí clóis taobh amuigh agus féasta deas ag deireadh. Bhí na foirne measctha, idir buachaillí agus cailíní ón dá scoil agus bronnadh duaiseanna ar bhuaiteoirí na gcomórtas. Seo an dara bhliain a reáchtáladh imeacht idir an dá scoil, le cuidiú ó dheontas GAELSCOILEANNA TEO. Tá nasc dearfach Cruthaithe idir Gaelscoil Adhamhnáin agus Bunscoil Cholmcille anois.



# Acmhainní

## An bhfuil bileoga dátheangacha de dhíth ó do scoil?

Tá na hábhair thíos ar fáil saor in aisce do na scoileanna lán-Ghaeilge:

Bileoga tumoideachais Gaeilge / Béarla  
Bileoga tumoideachais Gaeilge / Rómáinis, Fraincis, Portaingéilis, Polainnis, Rúisis  
Bileoga iar-bhunscoile Gaeilge / Béarla  
Pacáistí eolais Gaeilge / Béarla le DVD  
'Ár bPolasaí Gaeilge'

Glaigh ar oifig GAELSCOILEANNA TEO. ar 01-8535195 chun ordú a chur isteach.

Téigh go 'Acmhainní' ar [www.gaelSCOILEANNA.ie](http://www.gaelSCOILEANNA.ie) chun liosta iomlán a fheiceáil nó chun cóip leictreonach a íoslódáil.

Ní Sheolfar ach uasmhéid de 30 pacáistí eolais sa phostas chuig aon scoil amháin de bharr costais ar an eagraíocht. Má tá níos mó na 30 pacáiste de dhíth ó scoil ar bith, is féidir leo iad a bhailiú ón oifig, nó más mian le scoil iad a fháil uainn sa phostas, gearrfar costas de €10 ar bheart de 10 bpacáiste. Ní cheadófar níos mó ná 100 pacáiste d'aon scoil amháin de bharr sriain ar líon na bpacáistí.

## Fondúireacht Jack and Jill



an dá scoil a bhailíonn an líon fón póca is airde bualadh le Jedward i mí an Mheithimh, spreagadh eile dóibh páirt a ghlacadh!

De ghnáth, dáileann Jack and Jill brábúis na scéime seo ar na scoileanna i bhfoirm táirgí cosúil le: cláir bhána idirghníomhacha, ríomhairí glúine, leabhair, geansaithe, trealamh spóirt agus rudaí eile den chineál sin. Sa chás nach bhfuil táirgí ar bith de dhíth ón scoil, tugtar airgead tirim dóibh. Tá breis eolais ar fáil ó [www.jackandjill.ie/phonesforboards](http://www.jackandjill.ie/phonesforboards) nó 1850-525545. Tá fáilte roimh ghlaonna as Gaeilge agus is é Shane Whelan a bhíonn ag déileáil le fiosrúcháin ó na scoileanna lán-Ghaeilge.

Oibríonn fondúireacht Jack and Jill chun curaimí faoisimh agus tacaíochtaí a sholáthar do pháistí le tinnis fhoircheanta acu agus dá gclanna.



Tá scéim *Phones for Boards* ar bun ag an gcumann carthanachta Jack & Jill a théann chun leasa na carthanachta agus na scoileanna a chabhraíonn leo.

Tá sean-fón póca á bhailiú ag Jack and Jill ó scoileanna. Déanann siad athchúrsáil ar na gutháin agus díolann siad iad. Téann dhá thriain den bhrábús uaidh seo ar aghaidh chuig an charthanacht agus fillean an triain eile ar ais ar na scoileanna. Anuas air seo, beidh deis ag



# Ábhar Léitheoireachta do réimse iomlán na Bunscoile

## Leabhair don Aoisréimse 3 - 7

### An Phleist Mór le CD

le Susan Edwards & Ré Ó Laighléis



ISBN: 978-0-9554079-8-7  
Aois 3-7 Praghas €13.95




### Fungie

le AnnMarieMcCarthy & Ré Ó Laighléis



ISBN: 978-0-9564926-1-6  
Aois 4-7 Praghas €12.00

### Fungie & Mara



ISBN: 978-0-9564926-3-0  
Aois 4-7 Praghas €12.00




## Leabhair don Aoisréimse 6 - 9

### Ruball Trioball

le Esther Göbl Uí Nualláin

ISBN: 978-0-9564926-0-9  
Aois 6-8 Praghas €8.00



### Eachtraí Uchtaigh

le Esther Göbl Uí Nualláin

ISBN: 978-0-9554079-9-4  
Aois 7-9 Praghas €8.00




Agus at teacht go luath ó pheann Esther Göbl Uí Nualláin: *Is Mise do Chara*

## Leabhair don Aoisréimse 10 - 13

### Na Clocha Síneacha le CD

le Karen Tazi



ISBN: 978-0-9554079-7-0  
Aois 10-12 Praghas €10.00

### Osama, Obama, Ó, a Mhama !

le Ré Ó Laighléis



ISBN: 978-0-9564926-2-3  
Aois 10-13 Praghas €8.50

### Bolgchaint & scéalta eile

le Ré Ó Laighléis



ISBN: 978-0-9554079-4-9  
Aois 10-13 praghas €8.00



**Le fáil ó MÓINÍN Lúide 10% do scoileanna. P&P saor**

Loch Reasca, Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir. Fón/Facs: 065-7077256 [moinin@eircom.net](mailto:moinin@eircom.net) [www.moinin.ie](http://www.moinin.ie)



Aithníonn MÓINÍN tacaíocht Fhoras na Gaeilge



# Ábhar Léitheoireachta do Réimse Iomlán na Meánscoile

## Leabhair Ghaeilge

**Osama, Obama, Ó a Mhama!**  
le Ré Ó Laighléis

ISBN: 078-0-9564926-2-3  
Aois 10 - 14  
Praghas €8.50

*An leabhar is mó ráchairte don aoisghrúpa óna pheann ó scríobhadh 'Bolghaint' agus 'Punk'*



**Gafa**  
le Ré Ó Laighléis  
ISBN: 0-9532777-5-5  
Aois 15 - 18  
Praghas €10.00

*Ar chúrsa nua na hArdteiste*



*Ar an daonnacht*

**Bolghaint & scéalta eile**  
le Ré Ó Laighléis  
ISBN: 978-0-9554079-4-9  
Aois 10 - 14 Praghas €8.00



*Ar an gcintíochas in Éirinn*


**Goimh & scéalta eile**  
le Ré Ó Laighléis  
ISBN: 0-9532777-4-7  
Aois 14 - 17 Praghas €10.00



*Scéal eachtrúil nua-aimseartha do chailíní*


**Fáinne Fí Fífi**  
le Meadhbh Ní Eadhra  
ISBN: 978-0-9554079-5-6  
Aois 14-18 Praghas €9.00

## Leabhair Bhéarla



"This combination of style and tone provides a maturity which rarely characterises writing targeted mainly at a teenage readership... It deserves the widest possible audience."  
**Robert Dunbar, The Irish Times**

**Ecstasy & other stories**  
by Ré Ó Laighléis  
ISBN: 0-9532777-9-8  
Aois 13 - 16 Praghas €10.00



"His raw and concise writing style peels the layers from a shadowy topic and makes it accessible for both teenagers and their parents."  
**Samantha Novick, Limerick Leader Weekender**

**Hooked**  
by Ré Ó Laighléis  
ISBN: 978-0-9554079-3-2  
Aois 15 - 18 Praghas €12.50



MÓINÍN Loch Reasca, Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir. Fón/Facs: 065-7077256 moinin@eircom.net www.moinin.ie



Aithníonn MÓINÍN tacaíocht Fhoras na Gaeilge

# Forbairt Ghairmiúil Scoileanna

## Comhdháil Bhliantúil GAELSCOILEANNA TEO. 2011 - Bíodh ionchur agat inti!



[www.gael scoileanna.ie](http://www.gael scoileanna.ie) agus bheimis thar a bheith buíoch as moltaí a fháil maidir le comhdháil na bliana seo. Déantar gach iarracht i gcónaí clár a chur le chéile a spreagfaidh neart ábhar machnaimh agus a thabharfaidh tacaíocht phraiticiúil do phobail uile na scoileanna; clár a bheidh suimiúil, fiúntach agus fairsing, le h-aoi chainteoirí clúiteacha agus saineolaithe dúchasacha.

Bíonn sé mar aidhm againn chomh maith gréasánú a chothú agus fóram plé a chur ar fáil do chleachtóirí agus taighdeoirí, le malartú saineolais a éascú. Cuirtear béim ar ionchur na mball sa comhdháil, go háirithe i dtaobh rún na comhdhála ag an gCruinniú Cinn Bhliana.

Bhí comhdháil den scoth ag GAELSCOILEANNA TEO. sa Tulach Mhór i 2010, agus tá áthas orainn a rá go mbeidh muid ag filleadh ar Óstán an Tullamore Court arís i mbliana, **ar an 25 agus 26 Samhain 2011.**

Ba mhaith linn go mbeadh an oiread scoileanna rannpháirteach ann agus is féidir agus déanfar iarrachtaí ar leith i mbliana tuismitheoirí agus baill na boird bainistíochta a mhealladh ag an gCruinniú Cinn Bhliana ar an Satharn an 26 Samhain.

Tá muid i mbun planála don chlár faoi láthair agus ba bhreá linn cloisteáil ó na scoileanna ina leith. Tá suirbhé curtha le chéile againn ar

Coinnigh súil ar suíomh idirlín na heagraíochta le haghaidh tuilleadh eolais, agus bí cinnte na dátaí a chur i do dhialann!

### Cúrsaí do Mhúinteoirí le Gaelchultúr

Tá cúrsaí nua ar líne do mhúinteoirí ar fáil anois ó Gaelchultúr ar [www.ranganna.com](http://www.ranganna.com). Tugann an Roinn Oideachais agus Scoileanna aitheantas do na cúrsaí seo agus beidh na múinteoirí a ghlacfaidh páirt in aon cheann díbh i dteideal trí lá saoire pearsanta breise (EPV) a thógáil ar an gcoinníoll go dtabharfaidh siad faoin gcúrsa ar bhealach éifeachtach agus críochnúil.

Ní mór an cúrsa a dhéanamh am éigin idir 1 Iúil 2011 agus 26 Lúnasa 2011. I rith na tréimhse sin, is fútsa atá sé cinneadh a dhéanamh cathain is mian leat staidéar a dhéanamh ar ábhar an chúrsa; is timpeall fiche uair an chloig san iomlán a bheadh i gceist leis.

I measc na gcúrsaí atá ar fáil, tá:

- [Gaeilge Phraiticiúil do Mhúinteoirí Bunscoile \(bunaithe ar na ranganna éagsúla\)](#)
- [Cruinneas sa Ghaeilge do Mhúinteoirí Bunscoile](#)
- [Áiseanna Teicneolaíochta Gaeilge don Seomra Ranga](#)

De réir rialacha na Roinne Oideachais agus Scoileanna maidir le cúrsaí ar líne, ní bhfaighfidh rannpháirtithe Saoire Phearsanta Bhreise ach i gcomhair cúrsa amháin. Gheobhaidh rannpháirtithe teastas agus taifead ar a bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Tá gach eolas maidir leis na cúrsaí seo ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le Gaelchultúr ar 01 484 5220 nó 1890 252 900.



# An Líonra Réigiúnach

## Ar scáth a chéile a mhaireann na scoileanna!

Tá GAELSCOILEANNA TEO. ag obair le gréasán tacaíochta a spreagadh idir scoileanna, le go mbeidh deiseanna rialta ag pobail na scoile saineolas agus taithí a roinnt ar a chéile, dúshlán a phlé agus obair i dteannta a chéile. Chuige sin, tá an tír roinnte i 16 réigiún againn agus táimid i mbun cruinnithe a eagrú i ngach ceann acu siúd. Tugtar cuireadh do phobail na scoileanna áitiúla teacht agus bualadh le chéile i dteannta le hionadaí ón eagraíocht.

Tháinig scoileanna i ndeisceart Átha Cliath agus in Iarthar Chorcaí le chéile ag cruinnithe ina gceantair féin le déanaí agus ba léir go raibh go leor ábhar plé acu – ceisteanna a bhain lena scoilphobail féin agus roinnt eile a bhaineann leis an earnáil i gcoitinne agus gur fiú iad a phlé ag leibhéal na heagraíochta. Tá súil ag an dá ghrúpa teacht le chéile arís amach anseo.

Tá súil ag GAELSCOILEANNA TEO. cruinnithe a eagrú in Iarthar Átha Cliath agus i gCo. na Gaillimhe roimh dheireadh na scoilbhliana reatha, agus sna réigiúin eile ó Mheán Fómhair ar aghaidh. Coinnigh súil ar [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) do na dátaí!



Tá cruinnithe an líonra ar oscailt do phobal uile na scoileanna; foireann, Boird Bainistíochta, tuismitheoirí agus coistí bunaithe lonnaithe sa cheantar – mar sin, tá fíor fáilte roimh ionadaí eile ón scoil freastal mura bhfuil an príomhoide ar fáil, agus ar ndóigh, bheadh míle fáilte roimh thoscaireacht ón scoil má tá cúpla duine gur mian leo teacht.

**ÚSÁID DO THEANGA**

**GLAC LEIS**

[WWW.CNAG.IE/GLACLEIS](http://WWW.CNAG.IE/GLACLEIS) [GLACLEIS@CNAG.IE](mailto:GLACLEIS@CNAG.IE)

**RAIDÍO RÍ-RÁ**  
[WWW.RRR.IE](http://WWW.RRR.IE)

**SCÉALTA POPNUACHTA LE LÉAMH & LE HÍOSCHÓIPEÁIL MAR MP3**

**AR WWW.RRR.IE**



Conradh na Gaeilge



## Glac Leis an Deis

chun ceardlann spreagúil Ghaeilge  
a eagrú le do rangsa!

Téann Conradh na Gaeilge ar cuairt chuig coláistí samhraidh agus scoileanna timpeall na tíre tríd an bhliain ar fad. Más mian LEATSA go dtiocfaimis le ceardlann spráíúil, spreagúil a dhéanamh leis na scoláirí ar a gcearta teanga agus ar na deiseanna fostaíochta atá acu leis an nGaeilge, in Éirinn agus san Aontas Eorpach, déan teagmháil linn inniu! 01 4757401 [glacleis@cnag.ie](mailto:glacleis@cnag.ie) [www.cnag.ie](http://www.cnag.ie)



# Nuacht Ghinearálta

Blúiríní nuachta ó COGG



Tá liosta cuimsitheach d'acmhainní don bhun agus don iar-bhunleibhéal ar fáil anois ó shuíomh gréasáin COGG, [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie) faoin mhír 'Nuacht'.

Tá áis nua luath-litearthachta á fhorbairt ag COGG i gcomhpháirt leis an Áisaonad agus beidh Leibhéal 1 de 60 leabhar ar fáil san Fhómhar.

Tá an áis *Mata-ar-Line* ar fáil saor in aisce ar [www.ilearn.ie](http://www.ilearn.ie).

Tá na freagraí do *Mata Meabhrach* ar fáil ar [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie) faoi 'ábhar staidéar' - 'bunscoileanna' - 'mata' - ó leabhar 2-6.

---

## Saol ar-líne

Foilseofar 'Saol na Gaeilge' (ainm nua ar an nuachtán Gaeilge 'Saol') i bhfoirm leictreonach as seo amach agus beidh an chéad eagrán ar fáil ón 15 Bealtaine.

Beidh daoine ina ann teacht air ag [www.gaeilge.ie/saol](http://www.gaeilge.ie/saol) áit ar féidir clárú leis. Tá spás ann d'ár teideal 'Ár Scoil' ina mbeidh scéalta ó scoileanna éagsúla. Más mian le haon scoil scéal a sheoladh isteach, 's é an seoladh rphoist ná [eolas@saolnagaeilge.com](mailto:eolas@saolnagaeilge.com)



# Nuacht Ghinearálta

## Neart Tallainne ag COIRM Gael Linn 2011

D'fhreastail suas go 3,000 aisteoirí, damhsóirí agus ceoltóirí óga ó bhunscoileanna i ngach carn den tír ar fhéilte COIRM Gael Linn i mbliana! Eagraíodh sraith de na hócáidí aonlae seo le linn mí Feabhra agus mí Márta in ionaid éagsúla ar fud na tíre.

Tá COIRM ar an bhfód anois le deich mbliana agus é mar aidhm ag Gael Linn spreagadh a thabhairt do lucht bunscoile seo i nGaeilge a chur ar ardán a léiríonn na tallanna éagsúla atá ag daltaí na scoile. Léiríonn na scoileanna rannpháirteacha seónna ar théamaí éagsúla ina mbíonn meascán de mhíreanna; ceol, amhránaíocht, scéalaíocht, aithriseoireacht, rince agus eile. Anuas air sin, bíonn deis ag na daltaí na seónna ó scoileanna eile a fheiceáil.

Tá an-mholadh tuille ag na múinteoirí díograiseacha ó na scoileanna rannpháirteacha a léirigh seónna dathúla, spleodracha agus lán de spiorad.



*Scoláirí Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh, Léim an Bhradáin ag féile COIRM Gael Linn*

Ní comórtas é COIRM Gael Linn, ach bíonn léirmheastóir i láthair ag gach féile agus tugtar aitheantas (i bhfoirm ghradaim) do mhíreanna as seónna a léiríonn ardchaighdeán agus bronntar cuimhneacháin den lá ar na rannpháirtithe go léir.

## Fíbin ag cuartú Aisteoirí Óga!

Tá Fíbin ag cuartú aisteoirí óga ó cheann ceann na tíre chun páirt a ghlacadh i SárScoil Dhrámaíochta Fíbin an samhradh beag seo. Reáchtálfar eisteachtaí ar fud na tíre ón 11ú – 27 Bealtaine. Tá siad oscailte do dhéagóirí le Gaeilge atá idir 15mbl – 17mbl.

Is comhlacht drámaíochta Gaeilge é Fíbin, atá lonnaithe i nGaeltacht Chonamara. Tá an comhlacht ag iarraidh deis a thabhairt do Ghaeilgeoirí óga na tíre páirt a ghlacadh i sárchúrsa drámaíochta trí mheán na Gaeilge an samhradh seo. Glacfaidh siad páirt i

gceardlanna drámaíochta leis an stiúrthóir Paul Mercier (*Aifric*). Bhuaigh *Aifric* trí ghradam IFTA agus is tríd ceardlanna mar seo a d'aimsigh léiritheoirí an chláir an talann óg a bhí le feiceáil ar an gclár.

Tá Fíbin ar thóir talainne úr-nua. Má tá tuilleadh eolais uait, is féidir dul i dteangmháil le Fíbin ag 091-505855 nó [meangadh@gmail.com](mailto:meangadh@gmail.com).

Reáchtálfar éisteachtaí i gConamara, i nGaillimh, i Sligeach, i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i gCiarraí agus i nDún na nGall.

| Dáta    | Baile/Cathair     | Áit                             | Am     |
|---------|-------------------|---------------------------------|--------|
| 11/5/11 | Conamara          | Seanscoil Sailearna             | 5-8in  |
| 12/5/11 | Conamara          | Seanscoil Sailearna             | 5-8in  |
| 14/5/11 | Gaillimh          | Town Hall Theatre               | 10-2in |
| 18/5/11 | Ciarraí           | An Lab, Sráid Eoin, An Daingean | 4-8in  |
| 19/5/11 | Corcaigh          | Jury's Inn                      | 5-8in  |
| 20/5/11 | Baile Átha Cliath | Conradh na Gaeilge              | 5-8in  |
| 21/5/11 | Baile Átha Cliath | Conradh na Gaeilge              | 10-4in |
| 22/5/11 | Baile Átha Cliath | Conradh na Gaeilge              | 10-4in |
| 26/5/11 | Sligeach          | Sligo Park Hotel                | 5-9in  |
| 27/5/11 | Dún na nGall      | An Chúirt, Gaoth Dobhair        | 5-9in  |



# Scéalta na nIar-bhunscoileanna (ar lean)

## Ionad Óige Chumasach na h-Éireann



Tionóladh oíche eolais do thuismitheoirí agus daltaí len iad a chur ar an eolas faoin tionscadal luachmhar seo. Labhair beirt dhaltaí ó Ghaelcholáiste Luimnigh a d'fhreastail ar chúrsa na bliana seo caite agus d'fhreagair siad ceisteanna na dtuismitheoirí. Miníodh do thuismitheoirí gur féidir leo cabhair airgeadais a lorg leis na táillí a bhaineann leis an gcúrsa seo a chlúdach. Scríobhtar ag Rúnaí na scoile agus cuirtear an iarratas ar aghaidh ag Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh.

Roghnaíodh 11 daltaí ó Ghaelcholáiste Luimnigh le freastal ar chúrsaí Samhraidh san Ionad um chumasach Óige in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Iúil.

Gach bliain, roghnaíonn an t-Ionad Óige Chumasach an barr 5% de na daltaí bunaithe ar thorthaí acadúla is airde le freastal ar a gcúrsa Samhraidh. Tá Gaelcholáiste Luimnigh thar a bheith sásta leis an ardú suntastach (ó cheathrar g'aon duine dhéag) tagtha ar líon na ndaltaí ón gColáiste a roghnaíodh i mbliana.

Tá príomhoide Ghaelcholáiste Luimnigh thar a bheith bródúil as an éacht seo agus mhol sé na daltaí maraon lena gcuid múinteoirí agus tuismitheoirí.

Tá Coiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh rí-shásta leis na daltaí chomh maith agus dúirt Pól Ó Péatain, Príomhoifigeach Choiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh go gcruthaíonn seo go bhfuil dul chun cinn suntasach, spleodrach déanta ag Ghaelcholáiste Luimnigh sa cheantar mar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge d'ard-chaighdeán.

## Siansa ag Coláiste Laurel Hill

Bhuaigh an grúpa 'Eile' ó Laurel Hill Coláiste FCJ, Luimneach, comórtas náisiúnta SIANSÁ GAEL LINN sa Cheoláras Náisiúnta ar an 10 Aibreán 2011. Tá an scoil 75 bliain ar an bhfód i mbliana agus an-sásta leis an mbua seo.

Comhghairdeas leis na cailíní go léir agus lena múinteoir, Holly Geraghty (lár).






## Cló Iar Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Teil: 091 593307 R-phost: [cic@iol.ie](mailto:cic@iol.ie) Suíomh idirlín: [www.cic.ie](http://www.cic.ie)



### DEIREADH BÁIRE

Caitríona Ní Mhurchú


Aoisghrúpa: 9-13

Clúdach bog €8

An cath deiridh dár mbanlaoch cróga Rósmáire!

An tríú heagrán agus an ceann deireanach i dtríológ Chaitríona Ní Mhurchú do pháistí. Sa cheann seo téann banlaoch óg na sraithe, Rósmáire, in adharca lena mór-námhaid, an draoi Fomhórach Chailtín, i riocht buachalla bhig shoineanta, i gcath fíochmhar.

### Ar fáil freisin . . . na leabair eile sa tsraith



Is gnáthchailín í Rósmáire Ní Ghrifín, nó sin mar a shíleann sí. Tá na gnáthfhadhbanna saoil aici: maistín mór de dheartháir, múinteoir scoile crosta agus an deacracht áit a fháil ar fhoireann peile na scoile. Ní hiondúil go mbíonn an t-ádh léi . . .

**Tá catalóg iomlán ar [www.cic.ie](http://www.cic.ie)**

## Nótaí